# Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme



**Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh. 2**

# Forbairt na Roghanna




Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe (GCC) agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) fáilte romhat chuig an dara lá rannpháirtíochta neamhreachtúil do **Coirib go Cósta | Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe**

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040 | OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works | Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council | BSM Brady Shipman Martin. Built. Environment. Est. 1968 | ARUP

## Coirib go Cósta | Cuspóir Tionscadail i leith Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe

Cuspóir an tionscadail seo is ea measúnú agus forbairt a dhéanamh ar scéim faoisimh tuilte, atá inghlactha i dtaca le cúrsaí teicniúla, sóisialta, comhshaoil, aeistéitice agus geilleagracha, chun an baol tuilte a laghdú do phobal Chathair na Gaillimhe i gcomhréir le caighdeán cosanta cinnte agus chun baol tuilte iarmharach a bhainistiú. Chomh maith leith sin, cinnteofar go gcuirfear carachtar agus oidhreacht shainiúil na cathrach san áireamh i ndearadh aon bhearta faoisimh tuilte.

## Lá Rannpháirtíochta Poiblí

### Forbairt na Roghanna

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Oifig na nOibreacha Poiblí ag iarraidh go nglacfadh tú páirt sa phróiseas comhairliúcháin fairsing atá á chur i gcrích i dtaca leis an Scéim seo. Is é an cuspóir atá leis an Lá Rannpháirtíochta Poiblí seo ná:

- An t-eolas is déanaí a roinnt ar an dul chun cinn go dtí seo
- Fairsinge tuilte an lae inniu a imlíniú bunaithe ar thorthaí ón tsamhail hiodrálach
- Eolas a chur ar fáil, mar aon le deis a thabhairt chun tuairimí a chur in iúl maidir le roghanna féideartha na scéime
- Freagra a thabhairt go díreach ar cheisteanna
- Faisnéis eile a fháil atá ábhartha don Scéim
- Na chéad chéimeanna eile den Scéim a leagan amach

## Dul chun cinn go dtí seo

Ón Lá Rannpháirtíochta Poiblí i leith, cuireadh an Staidéar um Shrianta i gcrích. Tugadh faoin anailís hidreolaíoch agus cuireadh é sin isteach sa tsamhail hiodrálach. Cuireadh an samhaltú hiodrálach i gcrích, lena n-áirítear samhail hiodrálach abhann, ina gcuirtear san áireamh an baol maidir le tuilte abhann mar aon le samhail hiodrálach cósta ina gcuirtear san áireamh an baol maidir le tuilte taoide nó scaileogú. Léirítear fairsinge thuarthach na tuilte abhann agus tuilte cósta don am i láthair sna léarscáileanna thíos.


I ndiaidh an baol tuilte do Limistéar na Scéime a aithint, rinneadh anailís ar shraith roghanna maidir le baol tuilte a laghdú agus forbraíodh iad sin in éineacht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Oifig na nOibreacha Poiblí agus páirtithe leasmhara eile ina gcuirtear san áireamh na srianta a bhfuil eolas orthu i Limistéar na Scéime.

Cuireadh tús le measúnú a dhéanamh ar na roghanna trí mhionscagadh a dhéanamh ar bhearta faoisimh tuilte inmharthana, lena n-áirítear geataí tuilte, ballaí tuilte, claífoirt, agus cosaintí in-díshuite. Measadh roinnt roghanna a bheith neamh-inmharthana agus cuireadh iad as an áireamh, lena n-áirítear bacainní taoide agus muirmhúrtha amach ón gcósta. Rinneadh athbhreithniú ar na limistéir ar fad a bhí i mbaol tuilte agus cinneadh nach bhfuil cosaintí tuilte ag teastáil i limistéir áirithe toisc nach bhfuil réadmhaoine i mbaol de réir fhairsingí tuilte an lae inniu. Taispeántar na bearta agus limistéir seo a cuireadh as an áireamh.


Roinneadh an scéim seo i roinnt limistéar agus taispeántar na roghanna faoisimh tuilte inmharthana i ndáil le gach aon limistéar. Tá GCC, OPW agus Arup ag iarraidh tuiscint a fháil ar thuairimí agus eolas phobal áitiúil Chathair na Gaillimhe agus na bpáirtithe leasmhara ar fad maidir leis na roghanna atá beartaithe agus iad sin a chur san áireamh.



## Léarscáil Thuarthach ar Fhairsinge Tuilte Abhann




## Léarscáil Thuarthach maidir le Fairsinge Tuilte Cósta



## An Chéad Chéim Eile?

Déanfaidh GCC, OPW agus Arup an t-aiseolas ar fad a fhaightear le linn an Lá Rannpháirtíochta Poiblí a scrúdú agus cuirfear sin san áireamh le linn an Rogha is Fearr a thagann chun cinn a fhorbairt.

Déanfar roghanna faoisimh tuilte don scéim a mheasúnú bunaithe ar an aiseolas a fhaightear, agus bunaithe ar inmharthanacht chomhshaoil, theicniúil agus gheilleagrach. Nuair a chuirfear an próiseas seo i gcrích, aithneofar an Rogha is Fearr a thagann chun cinn.

Déanfar an Rogha is Fearr a thagann chun cinn a chur i láthair an phobail le linn Tríú Lá Rannpháirtíochta. Déanfar aiseolas ón bpobal a chur san áireamh sa dearadh deiridh den Rogha is Fearr. Cuirfear ar Rogha is Fearr ar aghaidh chomh fada le Fochéim 2 den Scéim - an próiseas um thoiliú pleanála. Le linn Fhochéim 2, déanfar Measúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú i dtaca leis an Scéim.

**Fochéim 1** – Measúnacht ar na Roghanna, Forbairt agus Dearadh na Scéime

**Fochéim 2** – Toiliú Pleanála

**Fochéim 3** – Dearadh Mionsonraithe agus Tairiscint

**Fochéim 4** – Tógáil

**Fochéim 5** – Aistriú na Scéime

Fochéim 1:

- Bailiú sonraí, suirbhéireacht agus imscrúduithe geoiteicniúla
- Staidéar hidreolaíochta & samhaltú hiodrálach
- Forbairt na roghanna, lena n-áirítear measúnacht chomhshaoil
- An Rogha is Fearr a roghnú

Fochéim 2:

- Pleanáil dearadh na scéime
- Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta
- Próiseas Toiliú Pleanála

### Céimeanna den Scéim Coirib go Cósta

## Tá tábhacht le do thuairim

Tá spéis againn sna gnéithe sin den scéim atá ar na gnéithe is tábhachtaí duitse.

Tá baill d'fhoireann an tionscadail i láthair inniu chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna atá agat, nó chun aon fhaisnéis ábhartha a thabhairt dá n-aire. Tá ceistneoir ar fáil duit lena chomhlánú agus lena sheoladh ar ais le do chuid tráchtanna, nó seol ríomhphost chugainn ag **coiribgocosta@arup.com.** I ndiaidh an chomhairliúcháin phoiblí seo, beidh deiseanna eile ar fáil chun páirt a ghlacadh trí bheith i láthair ag laethanta eolais amach anseo, tráth a gcuirfear nuashonruithe maidir le dul chun cinn na scéime i láthair.

Déanfar suíomh gréasáin an tionscadail www.coiribgocosta.ie agus ardáin meán sóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a nuashonrú go rialta le nuacht maidir leis an tionscadal. Tá an t-ábhar ar fad a cuireadh i láthair inniu ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail freisin.

Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe, in éineacht lena cuid comhairleoirí agus comhoibrithe dearaidh, fáilte roimh aiseolas uait agus do thacaíocht i dtaca leis an scéim seo.

## Conas Aighneacht a Dhéanamh agus Eolas Teagmhála

Is féidir aiseolas a thabhairt agus aighneachtaí a dhéanamh ar shuíomh gréasáin an tionscadail www.coiribgocosta.ie nó ina ionad sin, is féidir ceistneoirí comhlánaithe a chur ar ais ar an bpost nó ar ríomhphost faoin 18 Iúil 2025.

**Ríomhphost**

**coiribgocosta@arup.com**

**Post:**

Arup – Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Teach Corparáideach,
Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach, Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
H91 K5YD
Éire

Lean an nasc QR chuig ceistneoir ar líne

**www.coiribgocosta.ie**